AN tACHT CORR-THRÁDÁLA, 1995

CONTAE CHIARRAÍ

FODHLÍTHE (CORR-THRÁDÁLA) 2012

(GORT AN AONAIGH, CILL ORGLAN, CO. CHIARRAÍ)

CONTAE CHIARRAÍ
FODHLÍTHE (CORR-THRÁDÁLA) 2012
(GORT AN AONAIGH, CILL ORGLAN, CO. CHIARRAÍ)

Ag baint leas as na cumhachtaí a tugadh dóibh in Alt 6 den Acht Corr-Thrádála, 1995, deineann Comhairle Contae Chiarraí na Fodhlíthe seo a leanas maidir le Corr-Thrádáil ar Ghort an Aonaigh, Cill Orglan, Co. Chiarraí a rialú, a rialáil, a stiúradh agus a riaradh.

LUA:

Luaitear na Fodhlíthe seo mar na Fodhlíthe (Corr-Thrádála) Comhairle Contae Chiarraí 2012 (Gort an Aonaigh, Cill Orglan, Co. Chiarraí). Leis seo beidh na Fodhlíthe (Corr-Thrádála) Comhairle Contae Chiarraí 1997 maidir le Gort an Aonaigh, Cill Orglan, Co. Chiarraí arna aisghairm.

1. MÍNITHE:

Sna fodhlíthe seo beidh feidhm ag na mínithe seo a leanas-

Ciallaíonn "an tAcht" An tAcht Corr-Thrádála, 1995.

Ciallaíonn "an Chomhairle" Comhairle Contae Chiarraí.

Ciallaíonn "Oifigeach Údaraithe" duine a cheapfar faoi Alt 10 den Acht le bheith ina oifigeach údaraithe.

Ciallaíonn "Corr-Thrádáil" earraí a mhiondíol in áit (lena n-áirítear bóthar poiblí) ar a bhfuil rochtain ag an bpobal ó cheart nó in aon áit eile ar limistéar corr-thrádála í.

Ciallaíonn "Limistéar Corr-Thrádála" talamh a bheidh ainmnithe i bhfodhlíthe faoi Alt 6 den Acht mar limistéar corr-thrádáil a sheoladh.

Ciallaíonn "Ionad /Spás/Cuas Corr-Thrádála" an t-achar aonair is mó a fhéadfaidh duine a bheidh i mbun corr-thrádála sa Limistéar Corr-Thrádála a shealbhú, ag a bhfuil uimhir ar an Learscáil a ghabhann leis na fodhlíthe seo.

Ciallaíonn "Ceadúnas Corr-Thrádála" ceadúnas arna dheonú faoi Alt 4 den Acht.

Ciallaíonn "Corr-Thrádálaí/Sealbhóir Ceadúnais" duine ag a bhfuil ceadúnas corr-thrádála de bhun "an Achta" agus na bhfodhlíthe seo lena n-áirítear a s(h)eirbhíseach agus/nó a g(h)níomhaire.

Ciallaíonn "Ceart Margaidh" ceart a thugtar le díolúine nó le reacht aonach nó margadh a thionscnamh, is é sin le rá, comhthionól ceannaitheoirí agus díoltóirí chun tráchtearraí a dhíol.

Ciallaíonn "Feithicil" agus folaíonn aon ghléas, inneallghluaiste nó a mhalairt, chun daoine, táirgí margaidh, nó aon earraí nó nithe a iompar.

Ciallaíonn "Stalla" agus folaíonn aon stalla nó both, barra, cairt, leantóir, carbhán, feithicil nó gléas iompair rothach nó soghluaiste a úsáidtear chun corr-thrádála.

Ciallaíonn "Díol" comhaontú nó tairiscint chun ní a dhíol, nó ní ar díol a thaispeáint, nó tairiscint a lorg chun ní a cheannach.

2. DÍOLÚINTÍ:

Mar a shainítear in Alt 2 den Acht, ní fholaíonn corr-thrádáil:-

(a) díol ar ceant (seachas ceant Dúitseach) ag sealbhóir ceadúnas nó cead ag a bhfuil feidhm de thuras na huaire faoi na hAchtanna um Cheantálaithe agus Gníomhairí Tithe, 1947 go 1973
(b) díol le duine san áit ina gcónaíonn sé nó ina seolann sé gnó
(c) díol a suíonn an díoltóir ina leith –

(i) go n-úsáidtear na brabúis as chun críocha carthanúla nó críocha eile nach bhfaightear aon bhrabús príobháideach as, agus
(ii) nach bhfaibhreoidh aon luach saothair, díolaíocht, gnóchan ná brabús as chuig an díoltóir nó a sheirbhísigh nó a ghníomhairí.

3. AINMNIÚCHÁIN:

3.1 Leis seo ainmníonn an Chomhairle an limistéar ar Ghort an Aonaigh, Cill Orglan, Co. Chiarraí atá marcáilte le dath dearg ar an léarscáil atá leis seo mar limistéar mar a bhfuil cead Corr-Thrádáil a sheoladh (ar a dtugtar sna Fodhlíthe seo "an Limistéar Corr-Thrádála").

3.2 Ní ghabhfaidh duine do Chorr-Thrádáil i gCill Orglan ach amháin sa limistéar corr-thrádála.

3.3 Ní ghabhfaidh duine do Chorr-Thrádáil sa limistéar corr-thrádála ach amháin Déardaoin agus/nó Dé hAoine in aghaidh na seachtaine.

4. CEADÚNAIS CHORR-THRÁDÁLA

4.1 Mar a sonraíodh in Alt 3 den Acht ní ghabhfaidh duine do chorr-thrádáil i limistéar corr-thrádála mura duine é, nó mura seirbhíseach nó gníomhaire é atá ag gníomhú sa cháil sin do dhuine, a shealbhaíonn ceadúnas corr-thrádála ag a bhfuil feidhm de thuras na huaire agus gur corr-thrádáil í atá de réir an cheadúnais.

4.2 Is í an Chomhairle a eiseoidh Ceadúnais Chorr-Thrádála.

4.3 Déanfar iarratas chun na Comhairle ar cheadúnas corr-thrádála 30 lá ar a laghad roimh an gcéad lá a mbeartaítear gabháil do chorr-thrádáil agus beidh an t-iarratas ar an bhfoirm mar a bheidh forordaithe i Rialacháin déanta ag an Aire.

4.4 Fanfaidh Ceadúnas Corr-Thrádála i bhfeidhm go ceann tréimhse dhá mhí déag.

4.5 Deonfar Ceadúnas Corr-Thrádála do chorr-thrádálaí ainmnithe, a údarú don duine gabháil do chorr-thrádáil i gcuas sonraithe corr-thrádála Déardaoin agus/nó Dé hAoine.

4.6 Ní mór don sealbhóir an táille cuí a íoc nuair a eiseofar Ceadúnas Corr-Thrádála.

4.7 Gearrfar táille €200.00 ar Cheadúnas Corr-Thrádála aon lae amháin in aghaidh na seachtaine - beidh táille €400.00 ar cheadúnas dhá lá corr-thrádála in aghaidh na seachtaine. Ní mór a shonrú ar an bhfoirm iarratais cé acu ceadúnas a bheidh ag teastáil – níl siad inmhalartaithe.

4.8 Ní aisíocfar aon táille ceadúnais sa chás go ndéanfar an ceadúnas a chúlghairm.

4.9 Seolfar Corr-Thrádáil de réir téarmaí agus coinníollacha Ceadúnais Chorr-Thrádála agus na bhFhodhlíthe seo.

4.10 Ní ceadmhach ceadúnas a aistriú.

4.11 Féadfaidh an Chomhairle ceadúnas a chúlghairm, más deimhin leo go bhfuil na Fodhlíthe seo nó téarma nó coinníoll de chuid an Cheadúnais Chorr-Thrádála á sharú nó sáraithe.

4.12 Sula dtógtar cinneadh ar cheadúnas a chúlghairm, seolfaidh an Chomhairle sonraí an sáruithe agus fógra na cúlghairme tríd an ngnáthchóras poist chun an corr-thrádálaí/sealbhóir ceadúnais. Tógfar ceann d'aon aighneacht scríofa a dhéanfaidh an corr-thrádálaí/sealbhóir ceadúnais sula dtógtar cinneadh faoin gcúlghairm.

5. LIMISTÉAR CORR-THRÁDÁLA

5.1 Dáilfidh an Chomhairle cuas trádála sa limistéar corr-thrádála ar chorr-thrádálaí/sealbhóir ceadúnais. Is de rogha na Comhairle a bheidh méid agus suíomh na gcuas. Ní hionann a leithéid de dháileadh agus tionóntacht, ceadúnas nó teideal don chuas. Féadfaidh an Chomhairle dáiltí a athrú nó a chúlghairm más mian leo agus ní bheidh siad inaistrithe.

5.2 Má bhíonn an líon iarratas ar cheadúnais chorr-thrádála níos mó ná an líon cuas a bhíonn ar fáil beidh ceart forchoimeádta ag an gComhairle amháin ceadúnas a dheonadh de réir na scéime seo a leanas, chun tosaíocht a thabhairt d'iarratais:-

(a) Corr-Thrádálaithe a d'fheidhmigh cearta díolta earraí ar Ghort an Aonaigh le breis is trí bliana anuas ar bhonn leanúnach go díreach sular seoladh iarratas ar cheadúnas munar deineadh cúlghairm ar a gceadúnas.	20 marc
(b) Corr-Thrádálaithe a d'fheidhmigh cearta díolta earraí ar Ghort an Aonaigh le tréimhse idir bliain amháin agus trí bliana go díreach sular seoladh iarratas ar cheadúnas munar deineadh cúlghairm ar a gceadúnas.	10 marc
(c) Corr-Thrádálaithe a mbeidh sé i gceist acu earraí, trealamh nó nithe eile a d'fhás, a saothraíodh nó a deineadh sa cheantar áitiúil a dhíol.	10 marc
(d) Corr-Thrádálaithe a mbeidh sé i gceist acu earraí, trealamh nó nithe eile a dhíol, nár deonaíodh ceadúnas corr-thrádála ina leith nó nach bhfuair an Chomhairle aon iarratas eile ina leith go díreach sula bhfuarthas an t-iarratas úd.	5 mharc

5.3 Beidh an trádáil ar siúl idir 8.30 r.n. agus 6.30 i.n. amháin.

5.4 Ní ghabhfaidh duine do Chorr-Thrádáil ach amháin laistigh den chuas trádála sa limistéar corr-thrádála a bheidh sonraithe ar Cheadúnas Corr-Thrádála agus beidh an stalla trádála go hiomlán laistigh den chuas trádála.

5.5 Dáilfear cuas amháin trádála ar gach corr-thrádálaí/sealbhóir ceadúnais.

5.6 Ceadóidh an Chomhairle an saghas stalla a úsáidfear.

5.7 Ní bheidh aon stalla chomh trom san ná ní leagfar ualach air a bheadh in ann brú iompair os cionn 7cg/mm.cearn. a chur ar aon cheann dá chuid tacaí ná ar an ndromchla ar a mbeidh sé suite.

5.8 Ní bheidh aon stalla níos airde ná 2.75m ar airde (ó leibhéal na talún).

5.9 Ní mór do ghineadóirí a úsáidfear i dteannta stallaí géilleadh do leibhéil inghlactha gleo i.e. faoi bhun 55db(A) – nuair a sheasann db(A) don leibhéal deicibeilí agus éileofar deimhniú déantóra chun na sainchuntair a chruthú.

5.10 Coimeádfaidh gach corr-thrádálaí/sealbhóir ceadúnais a c(h)uid earraí, trealaimh nó nithe eile laistigh dá c(h)uas trádála féin. Ní bheidh aon earraí ná nithe crochta os cionn an limistéir atá lasmuigh den chuas trádála a dáileadh.

5.11 Ní mór do chorr-thrádálaí/sealbhóir ceadúnais stallaí agus gach earraí is nithe eile a thógaint as an gcuas trádála agus as an limistéar corr-thrádála nuair a bheidh an lá trádála caite.

5.12 Ní fhágfar stallaí ná nithe ar chuas trádála ná in aice leis ag uair níos luaithe ná uair a chloig roimis tús na trádála.

5.13 Beidh sé de cheart ag an gComhairle stallaí, feithiclí, trealamh agus nithe eile a thógaint má sháraítear na Fodhlíthe seo agus iad siúd á bhfágaint sna limistéir chorr-thrádála.

5.14 Ní mór do chorr-thrádálaí/sealbhóir ceadúnais a c(h)uas corr-thrádála a choimeád go néata glan, saor ó bhruscar, is faoin gcorr-thrádálaí/sealbhóír ceadúnais a bheidh sé a c(h)uid socruithe féin a dhéanamh chun bruscar a chur de láimh.

5.15 Ní fhágfar feithiclí laistigh den limistéar corr-thrádála ach amháin iad siúd a mbíonn gá leo don chorr-thrádáil.

5.16 Ní fhágfar feithiclí laistigh den limistéar corr-thrádála thar oíche.

5.17 Ní bheidh na Fodhlíthe seo i bhfeidhm ar na laethanta seo a leanas:-

- Lá an Aonaigh (an dara Satharn d'Fheabhra : an triú Satharn de Bhealtaine: an triú Satharn de Mhí na Samhna) in aghaidh na bliana
- Le linn Aonach an Phoic (an tréimhse idir 3 Lúnasa agus 17 Lúnasa) in aghaidh na bliana

6. BAINISTÍOCHT

6.1 Duine a iarrfaidh ar an gComhairle ceadúnas corr-thrádála a dheonú dó tabharfaidh sé don Chomhairle pé faisnéis a iarrfar i bhfoirm Iarratas ar Cheadúnas atá forordaithe de bhun Alt 4 den Acht chomh maith le pé faisnéis eile a iarrfaidh an Chomhairle chun a cumhachtaí agus a feidhmeanna faoin Acht a fheidhmiú. Mura gcomhlíonfaidh an duine an Fodhlí seo féadfaidh an Chomhairle diúltú an Ceadúnas a thabhairt dó.

6.2 Féadfaidh an Chomhairle ceadúnas corr-thrádála a chúlghairm más deimhin leo go bhfuil coinníoll de chuid an cheadúnais á shárú nó sáraithe nó má deineadh an duine dar deonaíodh é a chiontú i gcion i ndáil le hearraí a allmhairiú, a bheith ina sheilbh nó a dhíol fad is a bhí sé/sí ina s(h)ealbhóir ar cheadúnas corr-thrádála faoin Acht.

6.3 Ní bheidh an Chomhairle freagrach as maoin, earraí nó trealamh d'aon saghas a leagfar nó a fhágfar ar aon chuid den limistéar corr-thrádála ná as aon chaillteanas, damáiste nó díobháil a tharlóidh de dheasca gníomhartha na gcorr-thrádálaithe/sealbhóirí ceadúnais.

6.4 Slánóidh na corr-thrádálaithe/sealbhóirí ceadúnais an Chomhairle ar aon éileamh a tharlóidh de dheasca iad a bheith ag gabháil do chorr-thrádáil sa limistéar corr-thrádála agus soláthróidh siad don Chomhairle deimhniú go bhfuil clúdach reatha árachas slánaíochta acu sa mhéid €6.4 milliún chun sásamh na Comhairle.

6.5 Ní dhíolfaidh na corr-thrádálaithe/sealbhóirí ceadúnais aon ní eile seachas na hearraí a shonraítear ar an gceadúnas.

6.6 Agus an trádáil ar siúl cuirfidh na corr-thrádálaithe/sealbhóirí ceadúnais an ceadúnas ar taispeáint agus beidh sé sin go soiléir soléite ag an bpobal.

6.7 Ní mór do chorr-thrádálaithe/sealbhóirí ceadúnais a dhíolfaidh bia cloí leis na Rialacháin Sábháilteachta Bia agus le riachtanais Feidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte.

6.8 Ní chraolfar caint agus /nó ceol os ard ó aon chóras méadaithe meicniúil nó leictreach nó ó aon ghléas raidió nó gléas seinnte ceoil ag aon chuas trádála.

6.9 Ní thaispeánfar ar díol ná ní dhíolfar aon stoc beo sa limistéar corr-thrádála.

6.10 Ní chuirfidh corr-thrádálaithe/sealbhóirí ceadúnais bac ar thrácht ná ar choisithe.

6.11 Ní chuirfidh corr-thrádálaithe/sealbhóirí ceadúnais bac ná ní bheidh siad ina gcúis bhaic in aon slí ar bhóthar poiblí, cosán ná ar cheart slí poiblí.

6.12 Ní ghabhfaidh corr-thrádálaithe/sealbhóirí ceadúnais don trádáil ar shlí a chuirfeadh múisiam ar dhuine nó a mbeadh dealramh uirthi go bhféadfaí a leithéid a dhéanamh.

6.13 Is í an Chomhairle a cheapfaidh daoine mar Oifigigh Údaraithe chun críocha an Achta agus chun na Fodhlíthe seo a chur i bhfeidhm.

6.14 Ní mór do chorr-thrádálaithe/sealbhóirí ceadúnais déanamh de réir iarratas agus orduithe dleathacha ó Oifigigh Údaraithe nó ó bhall den Gharda Síochána.

6.15 Beidh corr-thrádálaithe/sealbhóirí ceadúnais freagrach as géilliúlacht a gcuid seirbhíseach, gníomhairí, cúntóirí agus fostaithe do na Fodhlíthe seo.

6.16 Beidh ceart forchoimeádta ag an gComhairle aon Cheadúnas Corr-Thrádála a dheonú nó a dhiúltú.

6.17 Má iarrtar orthu é ní mór do chorr-thrádálaithe/sealbhóirí ceadúnais a gCeadúnas reatha Corr-Thrádála a thaispeáint d'Oifigigh Údaraithe nó do bhall den Gharda Síochána.

Déanta faoi Shéala Oifigiúil Comhairle Contae Chiarraí

Dátaithe an 4ú lá seo de Nollag 2012

I LÁTHAIR nuair a greamaíodh Séala Oifigiúil Comhairle Contae Chiarraí leis seo :-

Gearóid Ó Briain
An Méara nó Fostaí Ainmnithe

Beidh na Fodhlíthe seo i bhfeidhm ar an **7ú Eanáir, 2013**